# Ganntanas Feamainne

**Ceist 1** Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi ghanntanas feamainne. Sula bhféachann tú ar an tuairisc, pléigh brí na bhfocal/na bhfrásaí seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa:

*monarcha phróiseála feamainne*
*socrú sealadach*
*urlabhraí*
*thar ceann*
*dóthain feamainne*
*rabharta*
*fostóir*
*lucht bainte feamainne*

**Ceist 2** Féach ar an mír anois agus bain úsáid as na focail agus na frásaí thuas chun na bearnaí a líonadh sa script.

**Máire T. Ní Mhadaoin**
Níl oibrithe sa _____ Arramara Teoranta i gCill Chiaráin i gConamara ag obair ach trí lá an tseachtain seo. Easpa feamainne is cúis leis an _____ seo, a deir an comhlacht. Níor tharla a leithéid sa monarcha cheana le breis is deich mbliana fichead.

**Irene Ní Nualláin**
Bunaíodh an comhlacht próiseála feamainne Arramara i gCill Chiaráin i 1947. Dhíol Údarás na Gaeltachta an comhlacht le *Acadian Seaplants* as Ceanada dhá bhliain ó shin. Seisear déag atá ag obair sa mhonarcha phróiseála feamainne anseo in Arramara. Ceithre lá oibre a rinne siad an tseachtain seo caite agus tá siad leagtha amach ar thrí lá oibre an tseachtain seo. Siar sna hochtóidí a tharla a leithéid de shocrú oibre cheana. Socrú sealadach atá i gceist leis an ngearradh siar seo, a deir _____ _____ Arramara Teoranta, de bharr gan _____ a bheith ar fáil ó lucht a bainte. Ach tá imní ar na hoibrithe próiseála feamainne sa gcomhlacht go mbeidh an leagan amach oibre seo ag tarlú níos minice anois.

**Seosamh Ó Cuaig**
Ní chuirfeadh sé an oiread sin imní orm. Sílim gur socrú sealadach amach is amach atá ann. Tá ganntanas feamainne orthu faoi láthair. Tá baint ag an aimsir leis sin, an t-am den bhliain agus an chaoi a bhfuil na tránna. Ach, de réir mar a thuigim, tá _____ anois ann ó Déardaoin seo caite agus ciallaíonn sé sin go mbeidh feamainn ag teacht isteach arís. Agus bheadh súil agam go mbeadh siad ar ais ar an gcúrsa ceart an tseachtain seo chugainn, fiú amháin.

**Risteard Mac Donnchadha**
Is _____ iontach é Arramara agus tarlaíonn an rud seo – feiceann tú féin an aimsir a bhí againn anois ó roimh an Nollaig seo caite go dtí anois …Bhí fadhb acu, ag an dream a bhíonn ag baint feamainne! Is cúrsaí aimsire is mó atá ag plé leis seo faoi láthair.

**Irene Ní Nualláin**
Má dhéanann _____ dóthain feamainne a sholáthar don chomhlacht an tseachtain seo chugainn, dúirt urlabhraí thar ceann Arramara go mbeadh na hoibrithe ag filleadh ar sheachtain iomlán oibre arís.

**Ceist 3** Féach ar an tuairisc arís. An bhfuil na ráitis seo fíor nó bréagach?

1. Bunaíodh Arramara Teoranta sa bhliain 1947.

2. Cheannaigh comhlacht darb ainm *Acadian Seaplants,* ó na Stáit Aontaithe, Arramara Teoranta.

3. Tríocha duine atá ag obair sa mhonarcha.

4. Gearradh siar ar laethanta oibre na seachtaine sa chomhlacht roimhe seo.

5. Ceapann Seosamh Ó Cuaig go n-éireoidh an scéal níos measa anois de bharr an rabharta.

6. Cuireann Risteard Mac Donnchadha an locht ar an gcomhlacht as an easpa oibre.

7. Beidh na hoibrithe ar ais ag obair chomh luath is a bhailíonn lucht bainte na feamainne tuilleadh feamainne.

**Ceist 4** '…is cúis leis…'

Cad is brí leis an bhfrása thuas?
Is minic an focal ***cúis*** i bhfocail eile agus i bhfrásaí coitianta. Cad is brí leis na cinn seo thíos? Cuir in abairtí iad lena mbrí a léiriú.

- géarchúiseach
- réchúiseach
- cúis ghearáin nó cúis gháire
- déanfaidh sé cúis

**Ceist 5** 'Caol le caol agus leathan le leathan'

Críochnaigh na hainmfhocail seo a bhí le cloisteáil sa tuairisc. Tá an chéad cheann déanta duit.

| | |
|---|---|
| Conam_____ | = Conamara |
| seacht_____ | = |
| Gaelt_____ | = |
| comhl_____ | = |
| fost_____ | = |
| aims_____ | = |

**Ceist 6** Pléigh na ceisteanna seo le do ghrúpa:

1. Liostaigh na húsáidí ar fad, go bhfios duit, atá ag feamainn.
2. An bhfuil baint ag athrú aeráide leis an easpa feamainne, dar leat? Cén fáth?

**Treoracha agus Freagraí**

**Ceist 1**
*monarcha phróiseála feamainne* – seaweed processing factory
*socrú sealadach* – temporary arrangement
*urlabhraí* – spokesperson
*thar ceann* – on behalf of
*dóthain feamainne* – enough seaweed
*rabharta* – spring tide
*fostóir* – employer
*lucht bainte feamainne* – seaweed collectors

**Ceist 2**
Féach an script.

**Ceist 3**
1. Fíor.
2. Bréagach. Ó Cheanada.
3. Bréagach. Sé dhuine dhéag atá ag obair sa chomhlacht.
4. Fíor. Sna hochtóidí.
5. Bréagach. Síleann sé go dtiocfaidh feabhas ar an scéal de bharr an rabharta.
6. Bréagach. Cuireann sé an locht ar an aimsir.
7. Fíor.

**Ceist 4**
- géarchúiseach – *shrewd, discerning*
- réchúiseach – *easy-going*
- cúis ghearáin nó cúis gháire – *a cause for complaint or a cause of laughter*
- déanfaidh sé cúis – *it will do*

**Ceist 5**
Cona<u>mara</u>
seacht<u>ain</u>
Gaelt<u>acht</u>
comhl<u>acht</u>
fost<u>óir</u>
aims<u>ir</u>

**Ceist 6**
Is féidir na foghlaimeoirí a chur ag plé na gceisteanna seo i mbeirteanna nó i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

**Máire T. Ní Mhadaoin**
Níl oibrithe sa monarcha[1] phróiseála feamainne Arramara Teoranta i gCill Chiaráin i gConamara ag obair ach trí lá an tseachtain seo. Easpa feamainne is cúis leis an socrú sealadach seo, a deir an comhlacht. Níor tharla a leithéid sa monarcha cheana le breis is deich mbliana fichead.

**Irene Ní Nualláin**
Bunaíodh an comhlacht próiseála feamainne Arramara i gCill Chiaráin i 1947. Dhíol Údarás na Gaeltachta an comhlacht le *Acadian Seaplants* as Ceanada dhá bhliain ó shin. Seisear déag[2] atá ag obair sa mhonarcha phróiseála feamainne anseo in Arramara. Ceithre lá oibre a rinne siad an tseachtain seo caite agus tá siad leagtha amach ar thrí lá oibre an tseachtain seo. Siar sna hochtóidí a tharla a leithéid de shocrú oibre cheana. Socrú sealadach atá i gceist leis an ngearradh siar seo, a deir urlabhraí thar ceann Arramara Teoranta, de bharr gan dóthain feamainne a bheith ar fáil ó lucht a bainte. Ach tá imní ar na hoibrithe próiseála feamainne sa gcomhlacht[3] go mbeidh an leagan amach oibre seo ag tarlú níos minice anois.

**Seosamh Ó Cuaig**
Ní chuirfeadh sé an oiread sin imní orm. Sílim gur socrú sealadach amach is amach atá ann. Tá ganntanas feamainne orthu faoi láthair. Tá baint ag an aimsir leis sin, an t-am den bhliain agus an chaoi a bhfuil na trannaí[4]. Ach, de réir mar a thuigim, tá rabharta anois ann ó Déardaoin seo caite agus ciallaíonn sé sin go mbeidh feamainn ag teacht isteach arís. Agus bheadh súil agam go mbeadh siad ar ais ar an gcúrsa ceart an tseachtain seo chugainn, fiú amháin.

**Risteard Mac Donnchadha**
Is fostóir iontach é Arramara agus tarlaíonn an rud seo – feiceann tú féin an aimsir a bhí againn anois ó roimh an Nollaig seo caite go dtí anois…Bhí fadhb acu, ag an dream a bhíonn ag baint feamainne! Is cúrsaí aimsire is mó atá ag plé leis seo faoi láthair.

**Irene Ní Nualláin**
Má dhéanann lucht bainte feamainne dóthain feamainne a sholáthar don chomhlacht an tseachtain seo chugainn, dúirt urlabhraí thar ceann Arramara go mbeadh na hoibrithe ag filleadh ar sheachtain iomlán oibre arís.

Irene Ní Nualláin, Nuacht TG4.

[1] Córas Chonnacht
[2] *sé dhuine dhéag* an leagan caighdeánach
[3] Córas Chonnacht
[4] *tránna* an t-iolra caighdeánach